- Ag obair mar bhall den fhoireann Oideachais ar riarachán, próisis agus tuarascálacha airgeadais.
- Ag obair mar bhall den fhoireann Oideachais i nDún Collins ar chothabháil agus ar fhorbairt na leathanach gréasáin Bí Páirteach & Foghlaim a bhaineann le hobair na Roinne Oideachais, agus go háirithe a chinntiú go bhfuil na leathanaigh a bhaineann le faisnéis áirithintí cothrom le dáta agus cruinn.
- Sonraí ar áirithintí, logaí fóin agus ríomhphoist san áireamh a bhailiú agus a chomhthiomsú.
- Gníomhú mar phríomhbhall foirne idirchaidrimh do Dhún Uí Choileáin leis an Roinn Margaíochta maidir le nuachtlitir rialta an Mhúsaeim.
- Obair ar fhorbairt an Chórais Áirithinte ar líne nua do cheithre láithreán an Mhúsaeim.
- Cuidiú le haon dualgais eile a bhaineann le hobair na Roinne Oideachais i nDún Uí Choileáin, mar shampla príomhthionscadail nó taispeántais, de réir mar is gá.

## <u>Sonraíocht Phearsanta</u>

### Riachtanach

- Sárscileanna scríbhneoireachta
- Sárscileanna riaracháin agus eagraíochtúla agus taithí ar obair a dhéanamh i dtimpeallacht oifige
- Sárscileanna TF – eolas maith oibre ar phacáistí bogearraí ar nós Word, Excel agus Access
- An cumas oibriú mar bhall d’fhoireann agus ar a t(h)ionscnamh féin
- Taithí phraiticiúil ar dhul i mbun oibre leis an bpobal agus seirbhísí ar chaighdeán ard a chur ar fáil do chustaiméirí
- Bheith in ann caidreamh éifeachtach a chothú le comhghleacaithe, príomhghrúpaí agus cuairteoirí
- Bheith in ann dul i mbun oibre de réir nósanna imeachta agus treoirlínte aontaithe
- Bheith in ann obair a chríochnú laistigh de thréimhsí ar leith agus tús áite a thabhairt do nithe práinneacha
- Bheith in ann aire a thabhairt do shonraí na hoibre
- Bheith in ann bheith solúbtha agus in-oiriúnaithe i dtimpeallacht oibre atá dúshlánach agus casta.
- Tuiscint ar fhoghlaim músaeim i gcás raon grúpaí lena n-áirítear scoileanna agus teaghlaigh.

### Inmhianaithe gan a bheith riachtanach

- Cáilíocht san oideachas, i staidéar músaeim nó oidhreachta, stair, stair shóisialta, forbairt pobail, béaloideas nó i gcumasc de níos mó ná ceann amháin díobh sin.
- Eolas ar an nGaeilge.
- Taithí ar an earnáil músaeim nó oidhreachta.

